

Chun tuilleadh faisnéise a fháil,
féach:
www.thrombosis.ie

CÁRTA FOLÁIRIMH UM THÉACHTÁN FOLA

CÉARD IS TÉACHTÁN FOLA ANN?

Is téachtán i soitheach fola é, sa chos de ghnáth, a d'fhéadfadh taisteal go dtí na scamhóga. Is féidir leis sin a bheith marfach.

Tarlaíonn 60% de théachtáin in **OSPIDÉAL**
nó sna **90 Lá** i ndiaidh duit dul
isteach in ospidéal.



Is féidir le téachtáin fola a bheith an-tromchúiseach - ach tá cóireálacha éifeachtacha ann chun déileáil leo agus chun cuidiú lena gcosc

COMHARTHAÍ AGUS AIRIONNA TÉACHTÁIN FOLA

- At nó pian i do chos nó i do cholpa
- Cos atá te nó dearg
- Gearranáil nó mearanáil
- Pianta cliabhraigh
(go háirithe nuair atáthar ag análu go trom)
- Casacht nó fuil a chaitheamh aníos le casacht

Má bhíonn ceann amháin nó níos mó díobh sin ort, seans go bhfuil téachtán fola agat agus go bhfuil cóireáil de dhíth ort go práinneach

CÁRTA FOLÁIRIMH UM THÉACHTÁN FOLA

CAD IS FÉIDIR LIOM A DÉANAMH CHUN CABHRÚ LIOM FÉIN?

- Iarr go ndéanfaí do bhaol téachtáin fola a mheasúnú, go háirithe má tá tú i gceann de na grúpaí baoil is airde atá liostaithe thall
- Bí ag siúl agus ag gluaiseacht a oiread agus is féidir
- Ól go leor leachtanna
- Má thugtar treoir duit stocaí nó cógais a úsáid chun téachtán fola a chosc nó a chóireáil, lean na treoracha go beacht
- Cuimhnigh gur dóichí go mbeidh téachtán fola sna féitheacha suas le 90 lá tar éis duit a bheith in ospidéal
- Má tá aon chomharthaí nó airí téachtáin agat, déan **beart láithreach** chun cabhair leighis a lorg

IS MÓ SEANS go bhfaighidh tú téachtán in
OSPIDÉAL
 
ná ar **EITLEÁN!**

An bhfuilim i mbaol?

D'FHÉADFÁ A BHEITH I MBAOL NÍOS MÓ:

- má théann tú isteach in ospidéal agus go ceann 90 lá i ndiaidh duit dul abhaile
- má tá ailse ghníomhach ort nó má tá cóireáil ailse á cur ort
- má tá tú torrach nó má rugadh leanbh duit níos lú ná 6 seachtaine ó shin
- mura mbionn tú in ann gluaiseacht (níos mó ná 3 lá sa leaba / taisteal gan stad ar feadh níos mó ná 6 uaire / cos i bplástar)

D'FHÉADFADH BAOL NÍOS MÓ FÓS A BHEITH ANN:

- má bhí téachtán fola agatsa nó ag garghaol leat
- má cuireadh obráid ort le 90 lá anuas
- má tá trombaifilia (an claonadh chun téachta) ort
- má tá an hormón "éastraigin" á thógáil agat
- má tá galar croí, scamhóige nó athlasta ort
- má tá tú níos sine ná 60 bliain d'aois nó róthrom
- má tá féitheacha borrhtha agat a éiríonn dearg agus pianmhar